**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar ceiste seo iomlán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

**DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH 2002, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint chuí do fhreagraí soiléire, beachta agus do chur i láthair eagraithe an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna a chuirfear ar fáil:

## ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt.
Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.**

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna a chuirtear ar fáil:

**1.** Cad dó a seasann na túslitreacha seo a leanas:

**(i)** ETD (WTO) ______________________________

**(ii)** BCE (ECB) ______________________________

**(iii)** AE (EU) ______________________________

(16 marc)


**2.** Críochnaigh an abairt seo a leanas:

Is iad na modhanna chun Ioncam Náisiúnta a ríomh ná (i) modh **<u>Ioncaim</u>**

(ii) modh__________________________ agus (iii) modh __________________________

(16 marc)

**3.** Luaigh **DHÁ** thoisc a dhéanfadh an t-athrú ar an gcuar soláthar atá léirithe sa léaráid thíos a spreagadh.




(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(16 marc)

**4.** Ainmnigh an struchtúr margaidh, (Iomaíocht Fhoirfe, Iomaíocht Neamhfhoirfe nó Monaplacht) a mbaineann gach ráiteas thíos leis:-

**(i)** Tá bacanna iontrála ann: ______________________________

**(ii)** Tá mórán brandaí den earra nó den tseirbhís ann: ______________________________

**(iii)** Tá cuar éilimh an **ghnólachta** cothrománach: ______________________________

(16 marc)

**5.** Críochnaigh an abairt thíos:-

Is é is talamh ann, aon acmhainn a sholáthraíonn__________________________a úsáidtear i dtáirgeacht__________________________. San Eacnamaíocht, is é a thugtar ar an íocaíocht ar thalamh ná__________________________.

(16 marc)

**6.** Is é an sainmhíniú ar '**Forbairt Eacnamaíochta**' ná:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(17 marc)

**7.** Mínigh an ráiteas seo: "Bíonn Praghasleaisteachas an éilimh diúltach ar an gcuid is mó d'earraí agus de sheirbhísí. ( i.e. tá comhartha lúide leis)".

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(17 marc)

**8.** Mínigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag ísliú rátaí cánach ioncaim ar an **<u>soláthar</u>** oibrithe i ngeilleagar.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(17 marc)

**9.** Déan rangú orthu seo a leanas mar chánacha **<u>Díreacha</u>** nó **<u>Indíreacha</u>**.

**(i)** ÍMAT (PAYE) ________________________________

**(ii)** CBL (VAT) ________________________________

**(iii)** Cáin Bhrabúis Chorparáide ________________________________

**(iv)** Dleachtanna Máil ________________________________


(17 marc)

***NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.***

# ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt.
Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** Léiríonn an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach ghnólachta in **'Iomaíocht Neamhfhoirfe'**.




**(a)** **(i)** Déan an léaráid a chóipeáil i do leabhar freagraí. Cuir lipéad soiléir ar **gach ceann** de na línte idir (1) agus (5).

(10 marc)

**(ii)** Táirgíonn an gnólacht ag pointe $Q_e$. **Taispeáin ar do léaráid**.

- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur seo (úsáid lipéad P)

agus

- meánchostas táirgíochta an aschuir (úsáid lipéad C) (10 marc)

**(iii)** San Eacnamaíocht, cad a chiallaíonn '**an fhadtréimhse**'? (10 marc)

**(b)** Luaigh agus mínigh **TRÍ** bhonn tuisceana a bhaineann le struchtúr margaidh ina bhfuil iomaíocht neamhfhoirfe.

(20 marc)

**(c)** **(i)** Mínigh cad is brí le **'fógraíocht iomaíoch'**. (10 marc)


**(ii)** Luaigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le fógraíocht i gcás

- Tomhaltóirí
- Díoltóirí

(15 marc)

**[75 marc]**

**2.** **(a)** Léiríonn an léaráid thíos an t-athrú ar an éileamh ar tháirge áirithe:




Mínigh **DHÁ** thoisc a **spreagfadh an t-athrú** atá léirithe. (20 marc)

**(b)** Tá an t-éileamh ar charranna nua méadaithe in Éirinn le blianta beaga.

**(i)** Luaigh cúis **AMHÁIN** eacnamaíochta leis seo.

**(ii)** Mínigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** a bhaineann leis an bhforbairt seo.

**(iii)** Luaigh go hachomair **DHÁ** bhealach arbh fhéidir le rialtas daoine a spreagadh chun modhanna ailtéarnacha iompair a úsáid.

(25 marc)

**(c)** **(i)** Luaigh **DHÁ** shaintréith a bheadh ag **'earra eacnamaíoch'**.

**(ii)** Mínigh cén fáth **nach** n-áireofaí na nithe seo a leanas mar earraí eacnamaíoch:

AER ÚR DEA-SHLÁINTE

(30 marc)

**[75 marc]**

**3.** **(a)** **(i)** Luaigh na **CEITHRE tosca táirgeachta**.

**(ii)** I gcás gach ceann de na téarmaí seo leanas, luaigh cén toisc táirgeachta a leiríonn sé:

- innealra
- siúinéirí
- sealbhóirí gnáthscaireanna
- foraoiseacha
- foirgnimh monarchan

(30 marc)

**(b)** **(i)** Mínigh an téarma **'fiontraíocht'**.

**(ii)** Mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil tábhacht le fiontraíocht mar thoisc táirgíochta.

(25 marc)

**(c)** **(i)** Mínigh an téarma '**príobháidiú**'.

**(ii)** Ainmnigh comhlacht **AMHÁIN** ar dearnadh príobháidiú air in Éirinn le tamall de bhlianta.

**(iii)** Luaigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** don tomhaltóir a bhaineann le príobháidiú.

(20 marc)
**[75 marc]**

**4.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh **coigilteas**.

**(ii)** Mínigh **DHÁ** thoisc a mbíonn tionchar acu ar leibhéal an choigiltis in aon gheilleagar.

**(iii)** Luaigh **DHÁ** éifeacht eacnamaíoch a bhaineann le harduithe ar leibhéal an choigiltis.

(30 marc)

**(b)** **(i)** Sainmhínigh **'airgead'**.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** fheidhm atá ag airgead.

(20 marc)

**(c)** Luaigh agus mínigh na buntáistí a bhaineann le **hísliú** ar rátaí úis i **ngach** cás díobh seo a leanas:

- Iasachtaithe
- Rialtas
- Fostóirí

(25 marc)

**[75 marc]**

**5.** **(a)**

| | | € Billiún |
|---|---|---|
| • Onnmhairí infheicthe | ………………………….. | 50 |
| • Onnmhairí dofheicthe | ………………………….. | 10 |
| • Allmhairí infheicthe | ………………………….. | 40 |
| • Allmhairí dofheicthe | ………………………….. | 12 |

Agus leas á bhaint agat as na figiúirí thuas, ríomh:

**(i)** Comhardú na Trádála
**(ii)** Comhardú na Trádála Dofheicthe
**(iii)** Comhardú na nÍocaíochtaí (ar an gCuntas Reatha)

**<u>Nóta</u>:** Taispeáin do chuid oibríochtaí i ngach cás agus abair an léiríonn an freagra **farasbarr** nó **easnamh**. (20 marc)

**(b)** Déan **GACH CEANN DÍOBH** seo a leanas a rangú mar onnmhairithe nó allmhairithe (dofheicthe nó infheicthe).
**(i)** Chuir Aer Lingus a cuid eitleán faoi árachas le comhlacht árachais i Londain.
**(ii)** Díolann comhlacht Éireannach mairteoil leis an Éigipt.
**(iii)** Ceannaíonn díoltóir carranna in Éirinn carranna Gearmánacha.
**(iv)** Caitheann grúpa turasóirí Francacha saoire in Éirinn. (20 marc)

**(c)** Rianaigh **DHÁ** chúis a méadaíonn leibhéal na n-allmhairí i ngeilleagar tráth a bhíonn fás eacnamaíoch ann. (15 marc)

**(d)** **(i)** "Geilleagar beag oscailte atá in Éirinn".
Mínigh an ráiteas seo.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil comhlachtaí eachtracha tábhachtach i ngeilleagar na hÉireann. (20 marc)

**[75 marc]**

**6.** **(a)** **(i)** Luaigh **DHÁ** shampla d'ioncam reatha rialtais agus **DHÁ** shampla de chaiteachas reatha rialtais.

**(ii)** Mínigh go hachomair cén tionchar a bheadh acu seo a leanas ar Fharasbarr Buiséid an rialtais.
- Cúram sláinte ar fáil in aisce don uile shaoránach os cionn 70 bliain d'aois.
- Éiríonn le ceardchumainn earnáil phoiblí arduithe móra pá a fháil dá mbaill.
- Ísliú ar rátaí úis sa gheilleagar. (30 marc)

**(b)** **(i)** Mínigh an téarma "**An Gheilleagar Dubh**" (a haithnítear uaireanta mar "**An Gheilleagar faoi Thalamh**").

**(ii)** Mínigh an tionchar a bheadh ar Fharasbarr Buiséid an Rialtais dá gcuirfí srian le gníomhaíochtaí an gheilleagairdubh.

(20 marc)

**(c)** Gné réasúnta nua de gheilleagar na hÉireann is ea dírialú margaí, i.e., breis soláthróirí den earra nó den tseirbhís áirithe a cheadú sa mhargadh (e.g. Tionscal na dTacsaithe).
Mínigh go hachomair cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dírialú orthu seo a leanas:-
**(i)** tomhaltóirí an earra nó na seirbhíse
**(ii)** leibhéal na fostaíochta sa tionscal
**(iii)** leibhéil bhrabúis na ndreamanna atá ag soláthar an earra nó na seirbhíse i láthair na huaire. (25 marc)

**[75 marc]**

**7.** **(a)** **(i)** Luaigh **DHÁ** aidhm eacnamaíocha rialtais, seachas lánfhostaíocht.

**(ii)** Tabhair cuntas (le samplaí) ar **DHÁ** pholasaí eacnamaíochta is féidir le rialtais a úsáid chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach.

(30 marc)

**(b)** **(i)** Sainmhínigh **'lánfhostaíocht'**.

**(ii)** Más amhlaidh atá lánfhostaíocht i ngeilleagar, mínigh go hachomair cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo orthu seo a leanas:-

- forbairt bóithre
- leibhéil inimirce sa gheilleagar
- an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim leanaí sa gheilleagar

(30 marc)

**(c)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil líon na ndaoine atá ag dul ar eisimirce as Éirinn le blianta gairid ag dul i laghad.

(15 marc)
**[75 marc]**

**8.** **(a)** **(i)** Cad is brí leis an téarma **'Ioncam Náisiúnta'**?

**(ii)** Luaigh agus mínigh an tionchar atá acu seo a leanas ar Ioncam Náisiúnta:

- ísliú ar chaiteachas tomhaltóirí
- méadú ar chaiteachas rialtais
- ísliú ar an leibhéal onnmhairí

(30 marc)

**(b)** Mínigh **TRÍ** cinn de na téarmaí sa liosta thíos:

Ioncam comhchineáil.
Íocaíochtaí aistritheacha.
Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP).
Dímheas.
Fóirdheontas. (20 marc)

**(c)** **(i)** Sainmhínigh **'infheistíocht'**.

**(ii)** Mínigh go hachomair **DHÁ** thoisc a mbíonn tionchar acu ar leibhéal na hinfheistíochta i ngeilleagar.

**(iii)** Luaigh bealach **AMHÁIN** a mbeadh tionchar ag titim infheistíochta ar leibhéil caiteachais tomhaltóirí sa todhchaí i ngeilleagar.

(25 marc)
**[75 marc]**

***NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEANN TÚ AGUS TÚ AG FREAGAIRT ROINN B.***